Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6230/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0042 (NLE)**

**AVIATION 22**
**ICAO 3**
**RELEX 190**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), i leith leasuithe 3, 12, agus 15 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhair I-III, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le cosaint an chomhshaoil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 66 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 66 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.2.2026
COM(2026) 66 final

2026/0042 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), i leith leasuithe 3, 12, agus 15 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhair I-III, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le cosaint an chomhshaoil**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is leis an méid seo a leanas a bhaineann an togra

(i) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), i leith tograí le haghaidh leasú ar Iarscríbhinn 16, Imleabhair I-III, a ghabhann leis an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’), a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le cosaint an chomhshaoil.

(ii) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tar éis do EESI fógra a thabhairt maidir le glacadh leasuithe 15, 12 agus 3 ar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago – *Environmental Protection* [Cosaint an Chomhshaoil], lena n- iarrtar ar a Stáit Chonarthacha fógra a thabhairt maidir le haon difríocht le hais na mbeart arna nglacadh, nó maidir le comhlíonadh na mbeart sin.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. Tháinig sé i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947 agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI).

Tá na Ballstáit go léir ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe é EESI. Tá sé d’aidhm agus de chuspóir ag an Eagraíocht prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Ar na feidhmeanna éigeantacha atá ar Chomhairle EESI áirítear glacadh na gCaighdeán Idirnáisiúnta agus na gCleachtas Molta Idirnáisiúnta (SARPanna), mar a ainmnítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 den Choinbhinsiún sin.

Is comhlacht buan de chuid EESI í Comhairle EESI a bhfuil 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí ann agus is é Tionól EESI a thoghann na stáit chonarthacha sin ar feadh 3 bliana. Tá ionadaithe ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón Iodáil, ón Danmhairg, ón Spáinn agus ón bPolainn ar Chomhairle EESI faoi láthair.

Tá stádas breathnóra ag an Aontas in EESI.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe ag Comhairle na hEagraíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Ghlac Comhairle EESI na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta (SARPanna) maidir le Cosaint an Chomhshaoil mar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Tá ceithre imleabhar in Iarscríbhinn 16. Tá an raon feidhme seo a leanas ag na trí imleabhar atá ábhartha don togra seo:

– Imleabhar I a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le torann aerárthaí;

– Imleabhar II a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le hastaíochtaí inneall aerárthaí;

– Imleabhar III a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ aerárthaí;

Ba cheart go ndéanfadh Comhairle EESI, ag a 237ú Seisiún ón 23 Márta go dtí an 2 Aibreán 2026, athruithe a bhféadfaí a dhéanamh ar na himleabhair sin a mheas. Seoladh Litreacha Stáit[1] chuig Stáit EESI i mí Iúil 2025 inar sonraíodh na hathruithe a bhfuil coinne leo agus iarradh a mbarúil ar na Stáit sin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Na leasuithe atá beartaithe agus an gaol atá acu le rialacha an Aontais atá i bhfeidhm faoi láthair

Roimh an 237ú Seisiún de Chomhairle EESI, dar tús an 23 Márta 2026, is gá an seasamh a ghlacadh thar ceann an Aontais, chun go mbeidh an deis ag na Ballstáit lena mbaineann páirt a ghlacadh sna cinntí maidir leis na hathruithe atá beartaithe.

Maidir le h**Imleabhar I**, ar na leasuithe atá beartaithe air agus a bhfuil coinne leo, mar a leagtar amach sa Litir Stáit thuasluaite, áirítear nuashonruithe ar shainmhínithe Chuid I ar leaganacha díorthaithe, chun an sainmhíniú ar eitleáin fhorshonacha a chur leo, agus feabhsuithe clóghrafaíochta, eagarthóireachta agus ilghnéitheacha a thabhairt isteach. Áirítear sa togra freisin caighdeán torainn nua le haghaidh tuirlingt agus éirí de thalamh eitleán forshonach (an Chaibidil 15 nua), agus caighdeán torainn nua le haghaidh tuirlingt agus éirí de thalamh eitleán foshonach (an Chaibidil 16 nua).

Maidir le h**Imleabhar II**, ar na leasuithe atá beartaithe agus a bhfuil coinne leo, mar a leagtar amach sa Litir Stáit thuasluaite, áirítear an méid seo a leanas

(a) feabhsuithe teanga i ndáil leis an infheidhmeacht agus na téarmaí nua ‘máthair-inneall’ agus ‘critéir maidir le hathrú gan astaíochtaí’ a thabhairt isteach chun comhsheasmhacht agus soiléireacht phraiticiúil a mhéadú do na húsáideoirí;

(b) nuashonruithe ar na siombailí agus sainmhínithe chun go mbeidh siad comhsheasmhach le hAguisín 3 lena n-úsáid i ríomh na n-innéacsanna astaíochtaí, agus trí mhodh chun mais-tiúchan uasta an ábhair cháithnínigh dho-ghalaithe (nvPM) a chinneadh, agus trí mhodh chun innéacsanna uasta astaíochtaí nvPM de réir maise agus lín a chinneadh;

(c) ceanglas tuairiscithe nua a chur le liosta na bpointí tagartha atá le cinneadh i gcomhair astaíochtaí nvPM de réir maise agus lín, ceanglas maidir le pointe deimhniúcháin nvPM le haghaidh 57,5 faoin gcéad de shá rátáilte;

(d) forálacha a ailíniú le Cleachtais Mholta Aeraspás SAE ARP6320B ‘Nós imeachta um Shampláil agus Tomhas Leanúnach Astaíochtaí Ábhair Cháithnínigh Dho-ghalaithe ó Innill Tuirbín Aerárthaí’ agus SAE ARP6481A ‘Nós imeachta um Ríomh Samplála nvPM agus Caillteanas Córais Tomhais agus Fachtóirí Ceartúcháin Caillteanais Córais’.

Maidir le h**Imleabhar III**, ar na leasuithe atá beartaithe agus a bhfuil coinne leo, mar a leagtar amach sa Litir Stáit thuasluaite, áirítear an méid seo a leanas

[1] SL 25/68, SL 25/69, agus SL 25/67.

(a) Caighdeán CO2 nua a thabhairt isteach le haghaidh eitleáin fhoshonacha agus teorainneacha atá 10 faoin gcéad / 3 faoin gcéad níos déine ann i gcomhair eitleáin mhóra/bheaga agus an 31 Nollaig 2031 an dáta infheidhmeachta maidir le cineálacha eitleáin nua, agus caighdeán astaíochta níos déine le haghaidh cineálacha eitleáin atá á dtáirgeadh is infheidhme an 1 Eanáir 2035;

(b) coigeartuithe chun soiléireacht agus cruinneas téarmaí a mhéadú, agus chun a áirithiú go dtugtar aghaidh ar na modhanna comhlíontachta difriúla (tástáil eitilte dhíreach agus samhlacha feidhmíochta), ar bhealach leormhaith agus ceart, le haghaidh nósanna imeachta um sainraon eitilte a chinneadh agus a thuairisciú.

Meastar go dtiocfaidh na leasuithe uile atáthar a bheartú i bhfeidhm an 1 Eanáir 2027.

Baineann ábhar an ghnímh atá beartaithe le réimse a bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas ina leith de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE ós rud é gur dócha go ndéanfaidh na gníomhartha atá beartaithe difear do chomhrialacha nó go n-athróidh siad a raon feidhme, is é sin:

– Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle[2]; agus

– Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 an 3 Lúnasa 2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le haeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil nó dearbhú comhlíontachta aerárthaí agus táirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara, fearas gaolmhar, aonad rialaithe agus faireacháin gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara aonad rialaithe agus faireacháin, chomh maith le ceanglais maidir le cumas na n-eagraíochtaí deartha agus táirgthe[3].

### 3.2. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Ag féachaint do reachtaíocht ábhartha an Aontais, ba cheart an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle EESI tacú leis na leasuithe atá beartaithe ar Imleabhair I, II agus III.

Is céim mhór chun cinn iad na leasuithe atá beartaithe ar na caighdeáin, tá na leasuithe i gcomhréir le beartais an Aontais agus ba cheart go mbeidís ina ndíol sásaimh. Cé go bhféadfadh roinnt leasuithe a bheith ailínithe cheana féin le cleachtais atá ag monaróirí áirithe cheana, agus go bhféadfadh sé nach mbeadh gá le hathruithe deartha radacacha nó le teicneolaíochtaí nua a fhorbairt mar gheall orthu, tá sé i gcomhréir le beartais an Aontais Comhairle EESI na leasuithe a ghlacadh, cuireann sin comhsheasmhacht chun cinn ar leibhéal domhanda, agus cothaíonn sé timpeallacht dhearfach le haghaidh nuálaíocht leanúnach.

Dá bhrí sin, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, má ghlacann Comhairle EESI, gan aon athrú suntasach, na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn 16 –*Environmental Protection* [Cosaint an Chomhshaoil], gan fógra míshástachta a thabhairt ach na bearta arna

[2] IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.
[3] IO L 224, 21.8.2012, lch. 1.

nglacadh a chomhlíonadh mar fhreagra ar Litir Stáit EESI ábhartha. I gcás ina mbeadh reachtaíocht an Aontais ar neamhréir le Caighdeáin EESI nuaghlactha tar éis dáta a beartaíodh a thiocfadh na Caighdeáin sin i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit seasamh an Aontais maidir leis na difríochtaí le hais na gCaighdeán áirithe sin a fhógairt do EESI, seasamh a bheidh bunaithe ar dhoiciméad ullmhúcháin a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle in am trátha i gcomhair a phléite agus a fhormheasta, ina leagfar amach go mionsonraithe na difríochtaí a bheidh i gceist le linn na tréimhse is gá chun an cur chun feidhme a chur i gcrích.

## 4. COMHSHEASMHACHT LE BEARTAIS EILE DE CHUID AN AONTAIS

Tá an Cinneadh atá molta comhsheasmhach le beartais eile an Aontais, go sonrach beartais fuinnimh, chomhshaoil agus iompair, agus comhlánaíonn sé iad.

## 5. BUNÚS DLÍ

### 5.1. Bunús dlí don nós imeachta

*5.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear *na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú nó ná bíodh[4].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh *tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais*[5].

*5.1.2 Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhairle EESI a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Chicago.

Tá éifeachtaí dlíthiúla leis na gníomhartha atá beartaithe chun críocha Airteagal 218(9) CFAE. I gcomhréir le hAirteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle EESI na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta (SARPanna), mar a ainmnítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Tá SARPanna den sórt sin ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago a mhéid a bheidh siad ceangailteach ar pháirtithe conarthacha uile EESI ach amháin má chláraíonn tromlach na bpáirtithe conarthacha sin a míshástacht le Comhairle EESI.

Thairis sin, de bharr leasuithe a d'fhéadfadh teacht astu, is féidir leis na gníomhartha atá beartaithe tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar reachtaíocht an Aontais, is é sin

4 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

5 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Rialachán (AE) 2018/1139 agus Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún a mhéid a thagraíonn siad go sainráite d'Iarscríbhinn 16, Imleabhair I-III, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is faoi raon feidhme Airteagal 218(9) CFAE a ghlactar seasamh an Aontais maidir le fógraí den sórt sin.

## 5.2. Bunús dlí substainteach

*5.2.1 Prionsabal*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*5.2.2 Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh a glacadh leis an mbeartas iompair.

I gcomhréir le hAirteagal 192(1) agus Airteagal 191 CFAE, rannchuideoidh an tAontas Eorpach le saothrú na gcuspóirí seo a leanas, *inter alia*: cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú agus a chosaint agus feabhas a chur uirthi; bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, agus go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 5.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 100(2) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0042 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 237ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI), i leith leasuithe 3, 12, agus 15 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhair I-III, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a bhaineann le Caighdeáin agus Cleachtais Mholta maidir le cosaint an chomhshaoil**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago'), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) leis.

(2) Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit go léir, agus is comhaltaí de EESI iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid EESI. Tá ionadaithe ó shé Bhallstát ar Chomhairle EESI.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle EESI Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta (SARPanna) a ghlacadh.

(4) Ghlac Comhairle EESI leis na SARPanna maidir le Cosaint an Chomhshaoil mar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(5) Tá Comhairle EESI, le linn a 237ú seisiún, le roinnt leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle EESI a bhunú, ós rud é go mbeidh éifeacht dlíthiúil ag na leasuithe atá beartaithe, ó tharla go bhfuil siad ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta agus go bhfuil siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin Rialachán (AE) 2018/1139[6], agus Rialachán (AE) Uimh. 748/2012[7] ón gCoimisiún.

---

[6] Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle(IO L 212, 22.8.2018, lch. 1).

[7] Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 an 3 Lúnasa 2012 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir le haeracmhainneacht agus deimhniú comhshaoil nó dearbhú comhlíontachta aerárthaí agus táirgí gaolmhara, comhpháirteanna gaolmhara, fearas gaolmhar, aonad rialaithe agus faireacháin

(7) Is é an seasamh ba cheart a ghlacadh thar ceann an Aontais tacú le leasuithe 3, 12 agus 15 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(8) Ba cheart do Bhallstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle EESI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais, seasamh an Aontais a chur in iúl.

(9) Tar éis do Chomhairle EESI leasuithe 3, 12 agus 15 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a ghlacadh, rud a bheidh le fógairt ag Ardrúnaí EESI trí nós imeachta Litreach Stáit EESI, is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas gan míshástacht a chlárú agus na leasuithe a chomhlíonadh. I gcás ina mbeadh reachtaíocht an Aontais ar neamhréir leis na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta a beartaíodh a thiocfadh na SARPanna sin i bhfeidhm, ba cheart fógra a thabhairt do EESI i leith difríocht le hais na SARPanna áirithe sin. Ba cheart seasamh an Aontais i leith na difríochta sin a bheith bunaithe ar dhoiciméad i scríbhinn a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 237ú seisiún de Chomhairle EESI, nó in aon seisiún ina dhiaidh sin, i dtaca le leasuithe 3, 12 agus 15 ar Iarscríbhinn 16, Imleabhair I-III, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, tacú leis na leasuithe atá beartaithe ina n-iomláine.

(2) Ar choinníoll go nglacfaidh Comhairle EESI, gan aon athrú suntasach, leasuithe 3, 12 agus 15 atá beartaithe ar Iarscríbhinn 16, Imleabhar I-III, a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago dá dtagraítear i mír 1, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, gan míshástacht a chlárú, agus fógra a thabhairt i leith chomhlíonadh an bhirt ghlactha mar fhreagra ar an Litir Stáit EESI ábhartha. I gcás ina mbeadh reachtaíocht an Aontais ar neamhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta nuaghlactha tar éis an dáta a beartaíodh a thiocfadh na caighdeáin sin i bhfeidhm, fógrófar do EESI go bhfuil difríocht ann le hais na gcaighdeán idirnáisiúnta áirithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

I gcás ina bhfuil aon difríocht idir reachtaíocht an Aontais agus na caighdeáin in Iarscríbhinn 16 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, cuirfidh an Coimisiún doiciméad ullmhúcháin faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta, doiciméad lena leagtar amach seasamh an Aontais maidir leis na difríochtaí mionsonraithe a dtabharfaidh na Ballstáit fógra do EESI ina leith thar ceann an Aontais, in am trátha agus ar a laghad 2 mhí roimh aon sprioc-am a leagfaidh EESI amach maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí.

---

gaolmhar agus comhpháirteanna gaolmhara aonad rialaithe agus faireacháin, chomh maith le ceanglais maidir le cumas na n-eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

*Airteagal 2*

Is iad na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí de Chomhairle EESI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

Is iad Ballstáit uile an Aontais, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2).

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*